

LUX

3 SCANNÁN
24 THEANGA
28 dTÍR

FILM

DAYS

TONI ERDMANN

Maren Ade

An Ghearmáin, an Ostair, an Rómáin



LUX
FILM PRIZE
TÁ PARLAIMINT NA hEORPA
TIOMANTA DO CHULTÚR

ye10
ars




Parlaimint na hEorpa

TONI ERDMANN

SCANNÁN LE MAREN ADE

Is bean ghnó í Ines ag comhlacht mór Gearmánach atá lonnaithe i mBúcairist; nuair leaíndeálann a hathair gan choinne, cuireann sé i mbarr a céille í. Tá saol in ord is in eagar aici, agus ní chuirtear isteach nó amach air sin, ach nuair a fhiafraíonn a hathair di “An bhfuil tú sona? ”, níl sí ábalta freagra a thabhairt agus cuireann sin tús le cior thuathail dhomhain. An t-athair seo a dhéanann ciotáí di agus a bhfuil náire uirthi leis, déanann sé a dhícheall le tathant uirthi brí a fháil dá saol, trí charachtar a chumadh: Toni Erdmann ábhailleach.

Más sa chaidreamh deacair seo atá drámatacht an scéil, tá greann gan choinne sa scannán a bhúil le cumas an athar páirt saincharachtar áiféiseach a dhéanamh agus mar sin mearbhall a chur ar na daoine móra le rá a bhíonn thart ar a iníon. Ar deireadh, feidhmíonn an carachtar dá ainneoin féin le neamhionannas sóisialta agus eacnamaíoch a nochtadh arb iad cinnteoirí móra an domhandaithe eacnamaíoch is cúis leo.



COIMÉIDE GAN CHOINNE

Nuair a cuireadh i láthair ag Féile Cannes in 2016 é, chuaigh *Toni Erdmann* i bhfeidhm go mór idir ar na léirmheastóirí agus ar an bpobal, agus is minic a rangáítear an scannán mar choiméide fiú más annamh an greann ann gan amhras ná mar a shíltear sa chéad dul síos. Is maith an bealach isteach sa scannán é an greann, áfach, agus is leor beagán machnaimh a dhéanamh ar an bpéire chodarsnach, athair agus iníon, chun gnáthfhíoracha an tsorcais a fheiceáil iontu: Auguste agus an t-áilteoir bán.

Is léir an chuma áilteora a chuireann Winfried, an t-athair, air féin agus tréithe traidisiúnta Auguste air, an smideadh áiféiseach, cior fiacla mhíofar in ionad na sróine deirge sa chás seo, an bréagfholt, éadaí nach bhfeileann dó go maith, míchuibhiúlacht éigin, an mhíbhéasacht agus ciotrúntacht bhréige. Déanann sé rudaí le gáire láithreach a bhaint as an lucht féachana mar gheall ar a spleodar, ar a chuid meancóg nó ar ghriogadh comhpháirtithe a bhíonn thíos leis.

Ach tá cuma an duine an-dáiríre ar a iníon Ines ar dtús, gan acmhainn grinn inti agus í ag fulaingt míghníomhartha a hathar go foighneach. Ach i rith an scéil nochtar a ról agus a cumas grinn, go háirithe nuair a fhearann sí fáilte ar a haíonna ina craiceann dearg. Déantar amach ansin tréithe an áilteora bháin in Ines, go háirithe na tréithe fisiciúla: is carachtar í atá in ainm a bheith fuarchúiseach i ngach cúinse, a mbíonn dreach stuama uirthi i gcónaí, a mbíonn díniteach ach a gceileann craiceann a dáiríreachta a cumhacht ghreantraigeideach.

SCÉAL DÁIRÍRE NÓ FIÚ DRÁMATA

Mar sin féin, is mír sorcais é an scannán. Ach sa tsaoil mar atá, is féidir go gcuirfeadh áilteoir as do na daoine ina thimpeall, agus sin an rud a dhéanann Winfried lena iníon nuair a théann sé isteach ina saol gairmiúil, á díchoibhsú arís is arís eile i riocht Toni Erdmann. Cuimhnítear go háirithe ar an radharc sin ina bhfuil Ines sa bhialann le beirt “chairde” i ndiaidh lae chrua oibre agus tagann a hathair bréagfholtach taobh thiar díobh, á chur in aithne mar chóitseálaí Ion Tiriac mar dhea. Má bhaineann Toni gáire as an mbreathnóir agus as an mbeirt chairde féin, taispeánann Ines a mishuaimhneas trom — agus údar maith aici — ar chúl a doichill.

Tá drámatacht an scannáin le feiceáil sa mhéid is gur fada an t-athair agus an iníon óna chéile, agus is mór idir an domhan ina bhfuil Ines ina cónaí anois agus domhan a hathar: an féidir leo teacht le chéile arís roimh buanscaradh? Feictear go soiléir an cheist throm seo ag tús an scannáin nuair a fhaigheann seanmhádadh Winfried bás, rud a thionscnaíonn an scéal ar fad: fiú mura mínítear go follasach é sin, tuigtear as gur comhartha a dhula in aois é don athair, rud a spreagann é le himeacht go Búcairist le bualadh lena iníon arís.



Imrítear leis an mbarúil seo sa scannán ag an am a mbualann an bheirt charachtar le chéile, agus an t-athair ag fáil bháis de réir cosúlachta, i riocht Bulgáraigh, ag an am chéanna: creidtear go mbualfaidh taom croí é fiú má thagann sé chuige féin faoi dheireadh, ansin tá bearna sa scéal agus tosaíonn an chéad sraitheog eile ina dtagann an iníon chuig sochraid agus glactar leis ar feadh tamaill bhig gur soicaid an athar atá i gceist, ach ansin tuigtear gurb í sochraid na máthar móire. Mar sin tá an cheist dheireanach — mar atá, an bás — i láthair, fiú má bhaintear an ghóimh as go healaíonta trí mheán na seifte scríbhneoireachta seo, bás na máthar móire in ionad bhás an athar, rud is lú drámata don bhreathnóir nach bhfuil aithne aige uirthi ach ar éigean.

AN DINIMIC DHRÁMATA

Má léirítear drámatacht an scannáin go follasach, tá a dinimic féin ag gach sraitheog, agus achrann idir an t-athair agus an iníon mar thréith iontu, an bheirt acu ag iarraidh lámh in uachtar a fháil go siombalach ar an duine eile. Níl an t-athmhuintearas á lorg acu ach a mhalairt ar fad, tá an bheirt acu i gcaidreamh naimhdeach intuigthe ina bhfuil gach duine ag iarraidh cur isteach ar an duine eile. Baineann an t-achrann gan amhras, mar a deir Winfried, le bunluachanna na beithsine, ach déantar coimhlint idir

phearsantachtaí de roimh i bhfad. Agus más cosúil go bhfuil lámh in uachtar ag Winfried ar Ines mar gheall ar a airde agus ar a ghreann, feictear go luath go bhfuil sí ábalta aisfhreagra a thabhairt dó agus an scéal a chur chun sochair di féin: deir seisean go hiorónta go luath sa scannán gur fhostaigh sé iníon ionaid, agus freagraíonn sise gan cailleadh a guaimhe gurb iontach an scéal é nó mar sin ní bheadh uirthi scairt a chur air dá lá breithe! Mar an gcéanna i mBúcairist, tugann sí aisfhreagra dó nuair a labhraíonn sé faoin tsonas agus faoi bhrí an tsaoil: tugann sí amach dó go fuarchúiseach faoi fhocail mhóra a úsáid, agus blas na hioróine ina guth, agus cuireann sí a cheist féin ar ais air.

Ach ag teacht ar ais i riocht Toni Erdmann ina dhiaidh sin, faigheann Winfried lámh in uachtar uirthise lena chuid pleidhcióchta agus cuireann sé as di arís is arís eile, cé acu sa radharc sa bhialann a luadh cheana nó an uair a tháinig sé ar lochtán na n-oifigí agus gan drogall air úsáid a bhaint as cúisín broma.

Ach in ainneoin nach bhfuil in Ines ach cleiteog mná, is amhlaidh gur bean a dhiongbhála í agus tugann sí cuireadh dá hathair chuig cóisir in éineacht lena cuid cairde agus caitheann sí cócaon go feiceálach faoina bhráid ann agus iompraíonn a comhghleacaí (agus leannán) Rómánach go gáirsiúil agus buidéal seaimpéin á chur ar taispeáint go fallach aige. Mar sin tá a méin ar fad dírithe ar íomhá nua di féin a chur os comhair a hathar, íomhá atá coscrach agus an-difriúil leis an íomhá di a choinníonn a hathair ina intinn gan amhras, agus ar chur as dósan faoi seach sa timpeallacht seo ina bhfuil sé coimhthíoch amach is amach. Mar sin féin, feictear nach mbaineann sí buntáiste as an gcúinse seo le fírinne, agus is fearr léi imeacht as an gclub gan aon iarracht lámh in uachtar siombalach a thaispeáint go soiléir: ise a dhéanfaidh an bealach ar deireadh a scarann óna hathair í.

Ach roimh an athmhuintearas seo, éireoidh cothromaíocht na cumhachta níos déine, go háirithe le linn na cuairte chuig an olacheantar nuair a úsáideann sí a hathair le brú a chur ar an mbainisteoir Rómánach, go dtí go mbristear oibrí as a phost de bharr cleasa thútaigh de chuid Winfried. Gabhtar an t-athair ina ghaiste féin, gaiste an bhréagriochta, agus cuireann an iníon deireadh leis go siombalach sa ghluaisteán ag insint dó gur gá a leithéid seo de bhriseadh ar son fhorbairt eacnamaíoch na tíre in ainneoin an mhaoithneachais “ghlais” mar a thaispeánann seisean go soineanta.

É cloíte, téann an t-athair ansin chuig an mbean Rómánach sin a thug a carta gnó dó agus ligeann sé air gurb é ambasadóir na Gearmáine é. Iompaítear cothromaíocht na cumhachta droim ar ais arís, agus gabhtar an iníon i ngaiste na coiméide seo agus is éigean di ubh a phéinteáil go ciotach agus anuas air sin amhrán a rá in ard a cinn os comhair teacht le chéile a muintire go léir. Ach tá sise an-díniteach agus cuireann sí díot a hathair go luath agus imíonn sí.

RITHIM AGUS BUAICPHOINTE AN SCANNÁIN

Tugann athruithe chothromaíocht na cumhachta a dhinimic féin do gach radharc agus ní féidir an toradh a thuar: bua an athar nó bua na hiníne? Agus má bhíonn an greann ann go minic, feictear nach bhfuil drogall ar an scannánóir fad a bhaint as a lán sraitheog fosta i scannán atá níos mó ná 2.5 uair an chloig ar fad: má choinníonn an chuid is mó den lucht féachana tuairim na coiméide, tá na sraitheoga éagsúla curtha le chéile i bhfíor-am beagnach, rud a ligeann don mhíshuaimhneas dul ar bun. Is iomaí uair a bhfuil an teannas atá ann i nduine amháin nó sa duine eile chomh hinhbraite sin — sa bhialann, sa chlub, san olachantar, tigh an teaghlaigh Rómánaigh — ach is minic a ligeann muid gáire mar sin féin mar gheall ar an ngreann. Mar sin, an chéad chruinniú ag an ambasáid leis an bpríomhfheidhmeannach Henneberg a thugann cuireadh ansin d'athair Ines deoch a fháil lena hiníon, tá sé lán ceisteanna folaithe, a thagann chun solais, áfach, trí fhocail mhúchta: maireann an radharc go leor — fiú mura dtuigeann muid an chiall go maith, mar an athair — chun go mothaíonn muid míshuaimhneas trom ag dul ar bun, go háirithe nuair a oibríonn muid amach go ndearna Ines meancóg (nó gur ghabh an príomhfheidhmeannach i ngaiste í).

Tá an teannas seo an-inbhraite fosta sa radharc ar buaicphoinnte an scannáin é, an chóisir sin de chomhghleacaithe a ndéantar nochtadh ginearálta di agus ar údar mór gáire í. Seachas an greann, socraíonn an buaicphoinnte seo ciall dhomhain an scannáin. Níl aon choimhlint idir athair agus iníon, agus cinneann Ines ar a conlán féin, agus í faoi bhrú síceolaíoch amháin, a cuid éadaí a chaitheamh di agus fáilte a chur roimh a cuid aionna ina craiceann dearg: ar ndóigh tá brí mheafarach ag baint leis an mbeart seo, agus tá an nochtadh seo idir fhisiciúil agus mhorálta. Caitheann Ines i dtraipisí an cur i gcéill a d'úsáideadh sí go dtí sin i saol seo na seachmall agus na mbréag. Agus is é an tréigean seo a ligeann di athmhuintearas a dhéanamh faoi dheireadh lena hathair, a thagann ansin sa bhréagríocht is seafóidí amach! Tuigtear ansin, más infheicthe amaideach iad bréagríochtaí Toni Erdmann, is dofheicthe drámata iad siúd atá i réim i saol Ines agus nimhíonn siad é, go dtí go gcinneann sí ar dheireadh a chur leis.

Níl sé cinnte gurbh i an choimhlint lena hathair a ba chúis leis an mbriseadh seo, agus is féidir a rá go bhfuil tionchar mór ag an gcarnadh bréag atá le feiceáil ar feadh an scannáin, go háirithe nuair a iarrann a ceannasaí uirthi an chóisir seo a eagrú, atá in ainm a bheith neamhfhoirmeálta agus chun ceangail na foirne a neartú ach a fhulaingíonn Ines, is léir dúinn, mar bharr gach fimíneachta. Tá sraitheog eile a thugann léargas mór ar bhréaga agus ar chur i gcéill na gceannasaithe móra i saol an ghnó: i ndiaidh an chruinnithe leis an bpríomhfheidhmeannach Henneberg, molann Gerald, a ceannasaí, luí le Tim, an feidhmeannach Rómánach, chun é a mhealladh agus an straitéis atá ar bun a neartú, rud a dhéanann Ines, ach tuigtear go luath gurbh é an páirtí Rómánach a leannán cheana é agus, sa tseomra óstáin ina mbualann siad le chéile deir sé go bhfuil a fhios ag Gerald faoina gcuidreamh, atá in ainm a bheith faoi rún. Tá an dá nó na trí thaobh á dtabhairt ag gach duine, mar sin, ach feictear ansin go gcuireann an scéal bréagach seo samhnas agus déistin ar Ines: diúltaíonn sí craiceann a bhuail leis ar an leithscéal nach raibh sí ag iarraidh a “faobhar” a chailleadh, agus iarrann sí ar a leannán teacht ar na *petit fours* a thug an tseirbhís seomraí isteach! Tá an radharc greannmhar, ach léiríonn sé an deargfhímíneacht agus an foréigean morálta a bhaineann leis an tsaol ghnó seo atá réidh iallach a chur ar an mbean óg seo a cuid a thabhairt uathí, is as sin tagann lúb ar lár inti den chéad uair gan amhras.

AN RÓMÁIN SA CHÚLRA

Cuireann an stiúrthóir béim ar na caidrimh phearsanta idir an bhean óg agus a hathair ach tá comhghleacaithe agus bainisteoirí éagsúla ann fosta. Más iad na bréaga a fholoíonn caidrimh shoiléire na cumhachta an rud is suntasaí sa tsaol ghnó seo, baineann tíreolaíocht na n-áiteanna le comhthéacs sóisialta níos fairsinge: tá mar mhisean ag an gcomhlacht comhairliúcháin a n-oibríonn Ines dó tionscal ola na Rómáin a athstruchtúrú chun é a dhéanamh níos feidhmiúla, fiú más ionann sin agus a lán daoine a bhriseadh as a bpost. Ach ní fheictear an ghné seo ach de réir a chéile, agus béim an scannáin ar na háiteanna is gustalaí — ambasáid, óstáin sómasacha, oifigí na gcomhlachtaí móra, club oíche — a ghnáthaíonn an bhean óg. Nuair a imíonn a hathair,



roimh theacht ar ais níos déanaí i riocht Toni Erdmann, agus fágann sise slán leis ó airde na balcóine, taispeánann an ceamara go discrídeach an cúlra agus feictear tithe ag titim as a chéile agus balla díongbháilte thart orthu ag imeall an radhairc, agus is léir gur sluma atá i gceist. Tá an leithscaradh sóisialta sofheicthe, agus ní fheictear an “fhíor”—Rómáin ach in amanna, mar shampla nuair atá ar Ines glao ar “cheardaithe” na háite chun an dornasc a oscailt toisc gur dhearmad a hathair na heochracha!

Ar ndóigh, ba le linn na cuairte chuig an gcomhlacht ola a thaispeánadh an bhearna idir an dá shaol i mbarr a brúidiúlachta: feictear ansin iarmhairtí na bpleananna a leagadh amach agus na gcinntí a rinneadh sna hoifigí gnó agus nach bhfuil eolas ar bith ag na hoibrithe Rómánacha fúthu, fiú más í a gcinniúint féin atá idir chamáin. Ach is cosúil nach gcuireann an bhearna seo isteach ar aigne na mná óige a sheasann leis an mbeartas seo mar gheall ar an mbuntáiste don fhorbairt eacnamaíocht, mar dhea, agus ag deireadh an scannáin taispeánfar ina theannta sin nár imigh sí as saol an ghnó go críochnúil, ós amhlaidh nach ndearna sí ach dul isteach i gcomhlacht comhairliúcháin eile. Ach ní hionann ár ndearcadh agus dearcadh Ines, agus is leor an cur síos ar an tsaol sin, ar an bhfíminéacht agus ar chruálacht na gcaidrimh dhaonna atá le feiceáil ann le rian a fhágáil ar ár n-anam!



ÁBHAR MACHNAIMH

Seachas an anailís a luadh thuas, tá neart rudaí eile sa scannán *Toni Erdmann* ar fiú smaoineamh orthu.

Is ionann na caidrimh idir an cineál fireann agus an cineál bainean agus caidrimh forlámhais. I bhfianaise seo, tá sé suimiúil anailís a dhéanamh ar an gcaidreamh idir Ines agus a cuid comhghleacaithe agus bainisteoirí: cad iad na tagairtí sa scannán don chaidreamh idir na hinscní? An gcaitear go héagsúil leis na mná agus leis na fir? Agus an bhfuil na héagsúlachtaí seo follasach nó faoi cheilt? Cad é a mar a chuirtear an forlámhas idir na hinscní i bhfeidhm?

Cad í go díreach an straitéis eacnamaíoch a thaispeántar in *Toni Erdmann*? Cén fheidhm atá ag na carachtair éagsúla, Gearmánaigh agus Rómánaigh ?

les grignoux



10 mBLIANA DE SCANNÁNAÍOCHT EORPACH DO MHUINTIR NA hEORPA

Is mór ag Parlaimint na hEorpa na trí scannán atá san iomaíocht do DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX 2016 a chur i láthair:

À PEINE J'OUVRE LES YEUX (Ar oscailt mo shúile), scannán le Leyla Bouzid An Fhrainc, an Túinéis, an Bheilg, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha

MA VIE DE COURGETTE (Mo shaol mar Chúirséad), scannán le Claude Barras An Eilvéis, an Fhrainc

TONI ERDMANN, scannán le Maren Ade An Ghearmáin, an Ostair, an Rómáin.

Déanfar na scéalta ilghnéitheacha seo, ar saothair iad a léiríonn an dúthracht agus an chruthaitheacht gan teorainn atá á léiriú ag stiúrthóirí tréitheacha óga scannán san Eoraip, a thaispeáint le linn an 5^ú eagrán de LAETHANTA SCANNÁIN LUX.

DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX

Tá ról bunúsach ag an gcultúr sa chaoi a gcruthaítear ár sochaí.

Mar gheall air sin, chuir Parlaimint na hEorpa tús le DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX in 2007 chun cur le dáileadh scannán Eorpach ar fud na hEorpa agus díospóireacht agus plé ar dheacrachtaí móra na sochaí a spreagadh.

Is tionscnamh eisceachtúil é DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX. Ós rud é nach mbíonn an chuid is mó de na comhléiriúcháin Eorpacha le feiceáil ach amháin sa tír ina ndearnadh an scannán agus gur fíorannamh a dháiltear in aon áit eile iad, fiú amháin laistigh den Aontas Eorpach, is deis neamhchoitianta atá in DUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX chun fotheidil 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh a chur ar thrí scannán Eorpacha.

Caithfidh Feisirí Pharlaimint na hEorpa vóta chun buaiteoir DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX a roghnú agus an 23 Samhain 2016 fógrófar cé acu scannán a thug an chraobh leis.

LAETHANTA SCANNÁIN LUX

Saolaíodh LAETHANTA SCANNÁIN LUX do DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX chomh maith. Ó 2012 i leith, cuirtear na trí scannán atá san iomaíocht do DHUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX i láthair do phobal Eorpach is mó le linn LAETHANTA SCANNÁIN LUX.

Trí LAETHANTA SCANNÁIN LUX, tugtar cuireadh duit eispéaras cultúrtha dodhearmadta a thaití a thrasnaíonn teorainneacha. Ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag 2016, beidh tú in ann teacht le chéile le cinfiligh ó gach cearn den Eoraip ag féachaint ar theilgean de *À peine j'ouvre les yeux (Ar oscailt mo shúile)*, *Ma vie de Courgette (Mo shaol mar Chúirséad)* agus *Toni Erdmann* i gceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh. Ná déan dearmad vóta a chaitheamh don scannán is fearr leat ar ár láithreán gréasáin <http://luxprize.eu> nó ar ár leathanach Facebook.

AN tAITHEANTAS POBAIL

Is é an tAitheantas Pobail an gradam a dhámhann an lucht féachana i nDUAIS SCANNÁNAÍOCHTA LUX. Ná déan dearmad vóta a chaitheamh do *À peine j'ouvre les yeux (Ar oscailt mo shúile)*, *Ma vie de Courgette (Mo shaol mar Chúirséad)* agus *Toni Erdmann*! B'fhéidir go roghnófar thú chun freastal ar fhéile idirnáisiúnta scannánaíochta Karlovy Vary i mí Iúil 2017 — le cuireadh ó Pharlaimint na hEorpa — agus chun teideal an scannáin a gheobhaidh an t-aitheantas pobail a fhógairt.

FÉACH, PLÉIGH & VÓTÁIL



@luxprize



#luxprize

LUX
PRIZE
.EU

STIÚRTHÓIR: Maren Ade

CNÁMHA SCÉIL: Maren Ade

AISTEOIRÍ: Sandra Hüller, Peter Simonischek, Michael Wittenborn, Thomas Loibl, Trystan Pütter, Lucy Russell, Hadewych Minis, Vlad Ivanov, Victoria Cocias

CINEAMATAGRAFAÍOCHT: Patrick Orth

LÉIRITHEOIRÍ: Janine Jackowski, Jonas Dornbach, Maren Ade, Michel Merkt

LÉIRIÚCHÁN: Komplizen Film

COMHLÉIRIÚ: Coop99 Filmproduktion, KNM, Missing Link Films, SWR/WDR/Arte

BLIAIN: 2016

FAD: 162'

SEÁNRA: Ficsean

TÍR: An Ghearmáin, an Ostair, an Rómáin

BUNLEAGAN: Gearmáinis, Béarla

DÁILEOIR: Soda Pictures
(An Ríocht Aontaithe, Éire)



